



Focal ar Fhocal

Scéim Comhrá Gaeilge



Gaeilge Abú!
COMHALTAS CEOLTÓIRÍ ÉIREANN



COMHALTAS

Clár

✦ Réamhrá	ii
✦ CCÉ Chraobh Chualann	1
✦ Achoimre ar Chomhthéacs agus Taighde an Togra	2
✦ Aonad 1	5
✦ Aonad 2	8
✦ Aonad 3	11
✦ Aonad 4	16
✦ Aonad 5	23
✦ Aonad 6	27
✦ Nodanna don Mhúinteoir	30
✦ Fuaimeanna na Gaeilge	34

COMHALTAS AGUS AN GHAEILGE



An Seanadóir Labhrás Ó Murchú, Ardstiúrthóir, CCÉ

Fáiltím go mór roimh 'Focal ar Fhocal'. Traoslaím le Pádraig Ó Maolchiaráin agus Craobh Chualann toisc an obair fiúntach seo a chur i gcrích.

Ón tráth ar bunaíodh Comhaltas i 1951, tá sé mar aidhm againn ár gcuid saintraidisiún féin a choinneáil beo agus iad a thabhairt ar ais chuig stádas suntasach i saol na tíre. Dírítear ár niarrachtaí i leith na haidhme sin ar an aos óg go háirithe, atá chomh tábhachtach sin ó thaobh thodhchaí na Gaeilge de.

Tá straitéis Chomhaltas Cheoltóirí Éireann ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge fite fuaite go huile is go hiomlán le príomhobair an Chomhaltais maidir le slánú agus forleathnú an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta.

Tá gach a ndéanann Comhaltas maidir leis an gceol, an rince agus an amhránaíocht traidisiúnta dírithe chomh maith ar chomhthéacs a chruthú leis an teanga a chothú. Tá níos mó i gceist in obair an Chomhaltais ná seinm ceoil nó amhránaíocht. Tá 'scéal' agus comhthéacs an cheoil agus na hamhránaíochta tábhachtach, chomh maith. Tuigtear dúinne gur eochair riachtanach í an Ghaeilge le cabhrú le daoine teacht ar iomláine a ndúchais.

Tá sé mar aidhm ag Comhaltas nósmaireachtaí úsáide na Gaeilge a bhuanú trí bhunús cultúrtha a thabhairt don teanga. Tugann ár gcuid imeachtaí ar fad comhthéacs siamsúil don teanga atá lasmuigh den chóras oideachais agus a chuidíonn le normálú na teanga i measc an aosa óig.

I hope that FOCAL AR FHOCAI will be widely used at home and abroad. It is an ideal aid to help us brush up on our Irish and help to bring it back into everyday life.

Bail ó Dhia ar an obair.

Labhrás Ó Murchú

CCÉ Chraobh Chualann

A chairde sa Chomhaltas, is iontach an deis atá curtha ar fáil ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann do gach éinne ar fud an domhain mhóir taitneamh a bhaint as saol cultúrtha na nGael – trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla mar ceol traidisiúnta, amhránaíocht, rincí Gaelacha, agus ar ndóigh an Teanga Ghaeilge féin.

Ónár gcraobh bheag féin den Chomhaltas, Craobh Chualann, tá áthas mór orainn an clár labhartha Ghaeilge seo a chur i láthair mar thacaíocht don chuspóir lárnach atá ag Comhaltas go mbeidh an Ghaeilge i lár báire i measc na n-imeachtaí seo ar fad. Is i gCraobh Chualann, le Pádraig Ó Maoilchiaráin, a cuireadh tús le "Focal ar Fhocal", agus tá a fhios againn féin go maith, ónár dtaithí féin leis sa chraobh, go gcruthaíonn an clár teangan seo spéis, spiorad agus spraoi nua i dtuiscint agus i labhairt na Gaeilge mar chuid nadúrtha de na himeachtaí ceolmhara agus cultúrtha sin a thaitníonn chomh mór linn go léir. I ngach craobh den Chomhaltas ar fud na cruinne, guimíd ráth agus sonas ar 'chuire dhuine gurbh ansa leo cúrsaí ceoil agus cúrsaí Gaeilge, agus sínimid fáilte mhór do gach éinne bualadh isteach ar chuairt orainn féin i gCraobh Chualann sa Chultúrlann Dé Aoine ar bith a mbeidh tú féin sa timpeallacht seo. Agus má chasfaimid le chéile ann – Labhair Gaeilge linn !

Le dea-mhéin ó Chraobh Chualann www.craobhchualann.net



Teachtaí ó CCÉ Chraobh Chualann ag seoladh 'Focal ar Fhocal' 19ú Eanáir 2005



Cultúrlann na hÉireann Ceannáras CCÉ

Pádraig Ó Maoilchiaráin



Rugadh Pádraig Ó Maoilchiaráin i gConamara. Chuaigh sé ar scoil i gCamus agus i gColáiste Mhuire, Gaillimh. Fuair sé céim sa Suirbhéireacht Ordanáis in Ollscoil Southampton agus céim sa Mhúinteoireacht i mBaile Átha Cliath. Chaith sé seal ag obair le Bord na Móna ag déanamh léarscáileanna de phortaigh na hÉireann. Bhí sé ina Phríomhoide ar Ghairm Scoil Éinde in Árann, ina Phríomhoide ar Ghairm Scoil i Muileann na hUamhan i gCo.

Thiobraid Árann agus ina Leas-Phríomhoide ar Choláiste Pobail i nDún Laoghaire. Bhí sé fiche-cúig bliain sa Roinn Airgeadais mar Stiúrthóir Cúrsaí Gaeilge i nGaeleagras na Seirbhíse Poiblí.

Bhí sé páirteach sa Suirbhé Teanga a rinneadh i Rinn Mhic Gharmain agus sna Cúrsaí ath-oiliúna do Mhúinteoirí a d'eascaigh as.

Tá sé pósta le Ursula agus tá siad ina gcónaí i nDún Laoghaire. Tá seachtar clainne acu.

Achoimre ar Chomhthéacs agus Taighde an Togra

Pádraig Ó Maoilchiaráin

An Taighde (1)

Sna blianta 1965/66 rinne an Roinn Oideachais suirbhé ar an nGaeilge mar a labhraítear í sna Gaeltachtaí. Ba é an príomhchigire Tomás Ó Domhnalláin a bhí i gceannas agus ag cuidiú leis bhí an Dr Colmán Ó hUallacháin, an Teangeolaí a bhí mar stiúirthóir ar Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann ina dhiaidh sin. Bhí an Dr Máirtín Ó Murchú, Ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, ar an bhfoireann freisin agus go leor daoine eile. Bhí an tOllamh Noam Chomsky, an teangeolaí Meiriceánach mar chomhairleoir.

Cuireadh téipthaifeadáin isteach i dtithe a bhí roghnaithe go cúramach ó thaobh líon daoine, aois agus gairmeacha beatha de. Bhí ar na daoine sa teach an téipthaifeadán a chur ar siúl ag amanna áirithe, amanna béilí, gasúir ag dul ar scoil, teacht abhaile ón scoil, ag dul ag obair etc. Nuair a bhí na píosaí cómhra ar fad bailithe le chéile ó gach ceard den tír, scríobhadh amach na píosaí agus rinneadh scagadh ar na focail éagsúla. Dá ndéanfaí an taighde céanna inniú ar ndóigh, bheadh toradh difriúil ó thaobh na n-ainmfhocail de go mór mhór, ach bheadh na múnlaí gramadaí, réamhfhocla, forainmneacha, aimsirí na mbriathra etc. mar an gcéanna.

Rinneadh liostaí de réir minicíochta focail – briathra, aimsirí, pearsa agus mar sin de. Ní gá dul isteach go mion sna torthaí anseo, ach tabharfaidh mé samplaí a léireoidh cad a bhí i gceist. Ar dtús bhí focail reatha mar a thug muid orthu: samplaí – “bith” bhí sé an-ard sa liosta minicíochta mar baineadh usáid go minic as in abairtí mar “duine ar bith”, “rud ar bith”, “ar chor ar bith”, “lá ar bith”, “déanfaidh sé am ar bith”, agus mar sin. An focal “chomh”, abairtí mar “tá gach rud chomh daor”, “bhí sé chomh fuar”, “níl sé chomh maith sin”. “Fios”, an-ard mar “tá a fhios agat”, “an bhfuil a fhios agat”, agus mar sin de. “Ceann” – “cén ceann”, “níl ceann ar bith fágtha”, “tabhair dom ceann”. Seo liosta de mhinicíocht focail mar a tharla siad sa gcaint. Tá samplaí den chéad daréag ar an liosta.

BRIATHRA		AINMFHOCAIL		ÉAGSÚIL	
bí	8332	fios	576	ar	1970
is	2709	bith	446	ag	1954
abair	848	duine	441	i	1284
déan	660	rud	370	a	683
tar	639	lá	331	ann	649
téigh	619	dóigh	313	le	560
cuir	542	áit	287	agat	460
fáigh	532	ceann	272	sa	458
feic	513	teach	260	agam	438
tabhair	343	fear	226	acu	378
caith	331	cuid	208	air	370
imigh	232	oíche	201	leis	336

An Taighde (11)

FOCAIL ÉAGSÚIL EILE		FOCAIL REATHA		EOLAS EILE	
an	4615	beag	216	sé	2205
sin	754	seo	214	é	1714
aon	659	éigin	209	sí	770
maith	600	thíos	145	a	615
anois	593	amuigh	141	a chóta	431
féin	532	deas	134	a cóta	92
ansin	488	thart	121	á (á ithe, á ól etc.)	320
amach	379	iontach	108	le (le teacht etc.)	310 *
mór	344	siar	106	aidíochtaí éagsúla	214
isteach	306	amháin	104	breiscéimeanna	212
gach	257	anseo	102	í	210
eile	252	breá	98	ó (shin)	207

* á n-ithe, á n-ól

Níl sna liostaí leis seo ach léargas an-bheag ar an suirbhé a rinneadh. Tá an t-eolas ar fad le fáil sa leabhar “Buntús Gaeilge”. Ní Buntús Cainte atá i gceist – tháinig Buntús Cainte i ndiaidh an suirbhé. Scríobh Tomás Ó Domhnalláin Buntús Cainte do RTÉ ar dtús agus ina dhiaidh sin bhí sé ar fáil don phobal ó Gael-Linn. Ar ndóigh tá sé bunaithe ar an t-suirbhé.

Ceann de na torthaí ba thábhachtaí a d’eascair as an t-suirbhé ná go bhfuil teora le líon na Múnlaí Gramadaí a usáidtear go coitianta i ngnáthchomhrá na ndaoine. Tá an cainteoir dúchais Gaeilge cosúil le cainteoir dúchais aon teanga eile. Tá ar a chumas líon abairtí a chumadh gan smaoineamh ar na rialacha atá leagtha síos dó sna Múnlaí Gramadaí. Ní smaoiníonn an ceóltoir ar nótaí nuair a bhíonn sé ag seinm port, ach foghlaimíonn sé/sí an port ó éisteacht nó/agus ó nótaí.

Bhí 110 múnla difriúil le sonrú sna píosaí comhrá a bailíodh. Ní gá go mbeadh an méid sin múnlaí ar eolas ag duine chun go mbeadh sé in ann Gaeilge a labhairt go líofa. Ceapaim féin gur leor 50 múnla nó patrún difriúil. Go dtí seo bhain mé usáid as idir 40 agus 50 múnla sna ceachtanna i “Focal ar Fhocal”. Is é an múnla BAF an chéad cheann i “Focal ar Fhocal”. Seasann BAF do Briathar, Ainmfhocal agus Forainm. Sampla “tá ocras orm”. Is féidir na mílte abairt a chumadh ar an múnla sin, mar “tá brón orm”; “tá slaghdán air”; “bhí tuirse uirthí”; “níl eagla orainn”. Má deireann tú “tá ocras orm anois”, sin múnla nua mar tá dobhriathar curtha isteach, agus tugann muid BAFD ar an múnla sin. Ní gá dul tríd na múnlaí ar fad agus ar ndóigh ní gá go mbeadh siad ar eolas ag an bhfoghlamóir. Tá sé tábhachtach áfach go mbeadh tuiscint ag an múinteoir nó ag treoraí ranga orthu.

An Taighde (111)

Bhí os cionn 200,000 focail reatha ar fáil sa suirbhé. Bhí foirm éigin den fhocal:

“Tá” – 8.3% den iomlán

“An” – 3.8% den iomlán

“Is” – 2.7% den iomlán

Cumadh 50% den chéad 100 píosa cómhra as 42 focal ar leith. An duine a mbeadh cumas aige/aici ar na 42 focal sin atá sna liostaí minicíochta d’aithneodh sé 50% den chaint a bailíodh sa chéad 100 píosa comhra.

100 focal as na liostaí d’aithneodh sé 65%

150 focal as na liostaí d’aithneodh sé 75%

500 focal as na liostaí d’aithneodh sé 90%

Is ionann sin agus a rá nár bhain daoine a roghnaíodh ach usáid as 500 focal difriuil i 90% de na píosaí cainte a bailíodh. B’fhéidir nach bhfuil an t-eolas thuas tábhachtach don fhoghlamóir ach tá sé an-tábhachtach do dhaoine atá i bhfeighil ranganna agus a bhíonn ag ullmhú ceachtanna.

Sna ceachtanna atá í “Focal ar Fhocal” bhain mé usaid as an eolas sin. D’athraigh mé focail anseo agus ansiúd mar go bhfuil athruithe tagtha ar an saol agus ar an teanga ó shin. Ach chlaoi mé go daingean le minicíocht na bhfocail agus na Múnlaí Gramadaí. Chlaoi mé freisin níos mó le canúint ná le caighdeán.

Nóta: Minicíocht Focail Gaeilge agus Béarla in ord minicíocht úsáide 1–10

Béarla: 1 the, 2 of, 3 and, 4 to, 5 a, 6 in, 7 that, 8 it, 9 is, 10 was

Gaeilge: 1 bhí, 2 an, 3 is, 4 sé, 5 ar, 6 ag, 7 é, 8 i, 9 sí, 10 a



Aonad | 1

Tá	Ocras	Orm	Anois
Níl	Tart	Ort	Anocht
An bhfuil	Brón	Air	Aréir
Cá Bhfuil	Áthas	Uirthí	Amárach
Dúirt sé/sí go bhfuil	Tuirse	Orainn	Inné
Dúirt sé/sí nach bhfuil	Fearg	Oraibh	Inniú
B'fhéidir go bhfuil	Slaghdán	Orthu	Anseo
B'fhéidir nach bhfuil	Tinneas cinn	Ar Mháire	Ansin
Ceapaim go bhfuil	Eagla	Ar Sheán	Ar ball
Ceapaim nach bhfuil	Deifir	Ar éinne	Anuraidh
Bhí	Mé	Ag dul	Amhrán
Ní raibh	Tú	Ag teacht	Cluiche
An raibh	Sé	Ag canadh	Deoch
Cá raibh	Sí	Ag léamh	Amach
Dúirt sé/sí go raibh	Muid	Ag ithe	Isteach
Dúirt sé/sí nach raibh	Sibh	Ag ól	Abhaile
B'fhéidir go raibh	Siad	Ag imeacht	Port
B'fhéidir nach raibh	Máire	Ag imirt	Leabhar
Ceapaim go raibh	Seán	Ag ceannach	Béile
Ceapaim nach raibh	Éinne	Ag rith	Istigh
Beidh	Mé	Ag caint	Liom
Ní bheidh	Tú	Ag fanacht	Leat
An mbeidh	Sé	Ag súil	Leis
Cá mbeidh	Sí	Ag éisteacht	Léi
Dúirt sé/sí go mbeidh	Muid	Ag seinm	Linn
Dúirt sé/sí nach mbeidh	Sibh	Ag bualadh	Libh
B'fhéidir go	Siad	Ag obair	Leo
B'fhéidir nach mbeidh	Máire	Ag cuidiú	Le chéile
Ceapaim go mbeidh	Seán	Ag rá	Le Máire
Ceapaim nach mbeidh	Éinne	Ag comhrá	Le Seán



Treoir

- 1 With your friends, make as many sentences as you can from the lists.
- 2 Mix them so that you get questions, answers and statements.
- 3 You can get over 10,000 different sentences.
- 4 Practice them with your friends.
- 5 In this Unit we concentrate on *Dúirt*, *B'fhéidir* and *Ceapaim*. They are linked to common verbs finishing with 'ing'.

- 1 Le do chairde cuir le chéile an méid abairtí is féidir leat.
- 2 Bíodh rogha maith agat de cheisteanna, freagraí agus ráitis.
- 3 Is féidir os cionn 10,000 abairt a fháil as na liostaí.
- 4 Déan a lán cleachtadh le do chairde.
- 5 San Aonad seo tá béim ar abairtí a chumadh le *Tá*, *Bhí* agus *Beidh* chomh maith le *Dúirt*, *B'fhéidir* agus *Ceapaim*. Nasctar iad seo leis na hAinm Briathra coitianta.



Samplaí

- 1 Ceapaim go mbeidh siad anseo amárach.
- 2 B'fhéidir nach mbeidh Seán ag imirt amárach.
- 3 Dúirt sé nach raibh sí ag éisteacht leis.
- 4 An bhfuil tuirse ort?
- 5 Dúirt sé nach raibh sé ag súil léi.
- 6 Cá raibh sibh ag seinm aréir?
- 7 Dúirt sé go mbeidh sé ag dul abhaile ar ball.
- 8 Bhí sí anseo tamall ó shin.
- 9 An mbeidh tú ag caint le Seán amárach?
- 10 B'fhéidir go bhfuil sí ag dul abhaile.
- 11 Who was helping Máire yesterday?
- 12 He said that he wasn't drinking yesterday.
- 13 They weren't playing last night.
- 14 We are going home now.
- 15 She wasn't expecting him tonight.
- 16 He said that Máire has a cold.
- 17 I am not listening to you.
- 18 I think I will be playing tomorrow.
- 19 What was Seán saying to you today?
- 20 She said that she wasn't waiting for him last night.



Foclóir

Foclóir

Foclóir

Foclóir

Tábla 1

Ag dul	<i>going</i>
Ag teacht	<i>coming</i>
Ag canadh	<i>singing</i>
Ag léamh	<i>reading</i>
Ag ithe	<i>eating</i>
Ag ól	<i>drinking</i>
Ag imirt	<i>playing</i> <i>(a game)</i>
Ag ceannach	<i>buying</i>
Ag rith	<i>running</i>
Ag imeacht	<i>going</i>
Ag caint	<i>talking</i>
Ag fanacht	<i>waiting</i>
Ag súil	<i>expecting</i>
Ag éisteacht	<i>listening</i>
Ag seinm	<i>playing (music)</i>
Ag bualadh	<i>meeting</i>
Ag cuidiú	<i>helping</i>
Ag rá	<i>saying</i>
Ag comhrá	<i>conversing</i>
Ag obair	<i>working</i>

Tábla 2

Anois	<i>now</i>
Anocht	<i>tonight</i>
Aréir	<i>last night</i>
Amárach	<i>tomorrow</i>
Anuraidh	<i>last year</i>
Inné	<i>yesterday</i>
Inniú	<i>today</i>
Isteach	<i>in (going)</i>
Amach	<i>out (going)</i>
Abhaile	<i>home (going)</i>

Anseo	<i>here</i>
Ansin	<i>there</i>
Ar ball	<i>later</i>
Cá	<i>where</i>
Ceapaim	<i>I think</i>
Cé	<i>who</i>
Dúirt	<i>said</i>
Tá mé	<i>I am</i>
Bhí mé	<i>I was</i>
Beidh mé	<i>I will be</i>

Tábla 3

Amhrán	<i>song</i>
Cluiche	<i>game</i>
Deoch	<i>drink</i>
Leabhar	<i>book</i>
Béile	<i>meal</i>
Port	<i>tune</i>
Ocras	<i>hunger</i>
Tart	<i>thirst</i>
Brón	<i>sorrow</i>
Istigh	<i>in</i>

Tábla 4

Áthas	<i>joy</i>
Tuirse	<i>tiredness</i>
Fearg	<i>anger</i>
Slaghdán	<i>cold (a cold)</i>
Eagla	<i>fear</i>
Deifir	<i>hurry</i>
Imní	<i>worry</i>
B'fhéidir	<i>maybe</i>
Scéim	<i>scheme</i>
Éinne	<i>anybody</i>

Thug

Thug	mé	an ticéad	dom	cheana
Níor thug	tú	an t-airgead	duit	mí ó shin
Ar thug	sé/sí	an t-eolas	dó/dí	fadó
Cé a thug	muid	an fhoirm	dúinn	arú inné
Cad a thug	sibh	é/é sin	daoibh	ag an doras
Dúirt sé/sí gur thug	siad	í/í sin	dóibh	ag an seisiún
Dúirt sé/sí nár thug	éinne	iad/iad sin	d'éinne	cúpla lá ó shin

Chonaic

Chonaic	mé	Seán	go dtí anois	ag siúl
Ní fhaca	tú	Máire	an lá cheana	ag rith
An bhfaca	sé/sí	an páipéar	ó mhaidin	ag snámh
Cá bhfaca	muid	an teilifís	ó shin	ag gáire
Cé a chonaic	sibh	é/é sin	ar chor ar bith	ag troid
Cad a chonaic	siad	í/í sin	ar an mbóthar	ag caoineadh
Dúirt sé/sí go bhfaca	éinne	iad/iad sin	ag an ngeata	ag ceiliúradh
Dúirt sé/sí nach bhfaca	Seán	éinne	ag an Aifreann	ag súgradh

Chuaigh

Chuaigh	mé	siar abhaile	inné	ar a rothar
Ní dheachaigh	tú	suas an staighre	nóiméad ó shin	lena (h)athair
An ndeachaigh	sé/sí	amach an geata	go tapaidh	ar dtús
Cá ndeachaigh	muid	anonn go Sasana	ar a naoi a chlog	ina (ch)carr
Cé a chuaigh	sibh	síos faoin tír	ar ball	leis/léi féin
Dúirt sé/sí go ndeachaigh	siad	isteach sa seomra	le fada	roimh an dinnéar
Dúirt sé/sí nach ndeachaigh	éinne	a chodladh	Dé Luain seo caite	thar an doras

Fuair

Fuair	mé	an t-eolas	uaim	fós
Ní bhfuair	tú	an seic	uait	an oíche cheana
An bhfuair	sé/sí	an liosta	uaidh	arú aréir
Cá bhfuair	muid	na h-ainmneacha	uaithí	tamall ó shin
Cé a fuair	sibh	an cháipéis	uainn	anois díreach
Cad a fuair	siad	aon scéal	uaibh	go dtí anois
Dúirt sé/sí go bhfuair	éinne	an toradh	uathu	anuraidh
Dúirt sé/sí nach bhfuair	Máire	rud ar bith	ó éinne	le gairid



Treoir

- 1 With your friends, make as many sentences as you can from the lists.
- 2 Mix them so that you get questions, answers and statements.
- 3 You can get hundreds of different sentences.
- 4 Practise them with your friends.
- 5 In this Unit we concentrate on four of the most frequently used irregular verbs: Thug, Chonaic, Chuaigh, Fuair

- 1 Le do chairde cuir le chéile an méid abairtí is féidir leat.
- 2 Bíodh rogha maith agat de cheisteanna, freagraí agus ráitís.
- 3 Is féidir na céadta abairt a fháil as na liostaí.
- 4 Déan a lán cleachtadh le do chairde.
- 5 San Aonad seo, tá béim ar cheithre cinn de na briathra neamhrialta is minicí a úsáidtear, Thug, Chonaic, Chuaigh, Fuair.



Samplaí

- 1 I gave him that already.
- 2 She said that she gave him the money a few days ago.
- 3 Where did you (plural) go last night?
- 4 Did you get the names from her yet?
- 5 I never saw them before.
- 6 We never got anything from anybody.
- 7 He said that he hadn't seen her for a long time.
- 8 She said that Seán went over to England a few weeks ago.
- 9 They said that they didn't give the money to them yet.
- 10 We didn't get that information from them until now.
- 11 Thug mé é sin dó cheana.
- 12 Dúirt sí gur thug sí an t-airgead dó cúpla lá ó shin.
- 13 Cá ndeachaigh sibh aréir?
- 14 An bhfuair tú na h-ainmneacha uaithí fós?
- 15 Ní fhaca mé iad sin riamh cheana.
- 16 Ní bhfuair muid rud ar bith ó éinne.
- 17 Dúirt sé nach bhfaca sé í le fada.
- 18 Dúirt sí go ndeachaigh Seán anonn go Sasana cúpla seachtain ó shin.
- 19 Dúirt siad nár thug siad an t-airgead dóibh fós.
- 20 Ní bhfuair muid an t-eolas sin uathu go dtí anois.



Foclóir

Foclóir

Foclóir

Foclóir

Tábla 1

Thug mé	<i>I gave</i>
Níor thug mé	<i>I didn't give</i>
Chonaic mé	<i>I saw</i>
Ní fhaca mé	<i>I didn't see</i>
Chuaigh mé	<i>I went</i>
Ní dheachaigh mé	<i>I didn't go</i>
Fuair mé	<i>I got</i>
Ní bhfuair mé	<i>I didn't get</i>
Dúirt sé	<i>he said</i>
Dom	<i>to me</i>
D'éinne	<i>to anybody</i>
Uaim	<i>from me</i>
Aon duine	<i>from anybody</i>
Cé	<i>who</i>
Cad	<i>what</i>
Cár/Cá	<i>where</i>
Tabhair	<i>give</i>
An ticéad	<i>the ticket</i>
An t-airgead	<i>the money</i>
An t-eolas	<i>the information</i>
An fhoirm	<i>the form</i>
An páipéar	<i>the paper</i>
An teilifís	<i>the television</i>
An seic	<i>the cheque</i>
An liosta	<i>the list</i>
Na h-ainmneacha	<i>the names</i>
An cháipéis	<i>the document</i>
Aon scéal	<i>any word</i>
An toradh	<i>the result</i>
Rud ar bith	<i>nothing/anything</i>
É/í	<i>him/her</i>
Iad	<i>them</i>
Téigh	<i>go</i>
Faigh é	<i>get it</i>
Ar a rothar	<i>on his/her bicycle</i>
Lena (h)athair	<i>with her/his father</i>
Ar dtús	<i>first of all</i>
Ina (ch)carr	<i>in his/her car</i>
Leis féin	<i>by himself</i>
Léi féin	<i>by herself</i>

Tábla 2

Cheana	<i>already</i>
Mí ó shin	<i>a month ago</i>
Arú inné	<i>day before yesterday</i>
Ag an doras	<i>at the door</i>
Ag an seisiún	<i>at the session</i>
Ag an ngeata	<i>at the gate</i>
Ag an Aifreann	<i>at the Mass</i>
Go dtí anois	<i>until now</i>
An lá cheana	<i>the other day</i>
Ó mhaidin	<i>since morning</i>
Ar chor ar bith	<i>at all</i>
Nóiméad ó shin	<i>a minute ago</i>
Go tapaidh	<i>quickly</i>
Ag siúl	<i>walking</i>
Ag rith	<i>running</i>
Ag snámh	<i>swimming</i>
Ag troid	<i>fighting</i>
Ag ceiliúradh	<i>celebrating</i>
Siar abhaile	<i>back home</i>
Suas an staighre	<i>up the stairs</i>
Amach an geata	<i>out the gate</i>
Anonn go Sasana	<i>over to England</i>
Síos faoin tír	<i>down the country</i>
Isteach sa seomra	<i>into the room</i>
A chodladh	<i>to sleep</i>
Sin	<i>that</i>
Seo	<i>this</i>
Ó shin	<i>since</i>
Ar ball	<i>in a while</i>
Fós	<i>yet</i>
Fadó	<i>long ago</i>
Le gairid	<i>recently</i>
Anois díreach	<i>right now</i>
Ag gáire	<i>laughing</i>
Ag caoineadh	<i>crying</i>
Ag súgradh	<i>playing</i>
Roimh an dinnéar	<i>before dinner</i>
Thar an doras	<i>past the door</i>

Déan abairtí as na patrúin seo

An mbíonn	mé/mise	ag an rang	go minic
Bíonn	tú/tusa	ag an siopa	i gcónaí
Ní bhíonn	sé/seisean	ag an scoil	gach oíche
Dúirt sé/sí go mbíonn	sí/sise	ag an Aifreann	gach seachtain
Dúirt sé/sí nach mbíonn	muid/muidne	ag na pictiúirí	ó am go ham
Cá mbíonn	sibh/sibhse	ag na cluichí	anois is arís
Cé a bhíonn	siad/siadsan	ag na seisiúin	de ghnáth
An mbeadh	mé/mise	in ann a bheith	labhairt faoi
Bheadh	tú/tusa	in ann é sin a rá	éisteacht leis/léi
Ní bheadh	sé/seisean	in ann é sin a fháil	brath air/uirthi
Dúirt sé/sí go mbeadh	sí/sise	in ann iad sin a fheiceáil	smaoineamh ar ...
Dúirt sé/sí nach mbeadh	muid/muidne	in ann iad sin a iarraidh	íoc as
Cá mbeadh	sibh/sibhse	in ann na nótaí a léamh	féachaint ar ...
Sula mbeadh	siad/siadsan	in ann na ceoltóirí a chloisteáil	éalú as
Dá mbeadh	Seán	in ann dearmad a dhéanamh	bualadh leis/léi
Mura mbeadh	Máire	in ann ceist a chur	breith ar ...
Cé a bheadh	éinne	in ann ceol a sheinm	glaoch air/uirthi
An maith	liom/liomsa	le mo mháthair	deoch a ól
Is maith	leat/leatsa	le do athair	béile a ithe
Ní maith	leis/leisean	leis an bhfear	amhrán a chanadh
Dúirt sé/sí gur maith	léi/léithe/	Gaeilge a fhoghlaim	leis an mbean

Aonad 3

Dúirt sé/sí nach maith	linn/linne	leis an bpáiste	cluiche a imirt
Cad is maith	libh/libhse	leis na ceoltóirí	an fhuinneag a ghlanadh
Cé is maith	leo/leosan	leis na foghlamóirí	an scéal a chreidiúint
An fearr	le héinne	leis na múinteoirí	an scéal a fhiosrú
Is fearr	le Seán	leis na cailíní	an fhidil a dhíol
Ní fearr	le Máire	leis na buachaillí	an clár a fheiscint
Ar mhaith	liom	an scéal a insint	imeacht
Ba mhaith	leat	an t-am a chaitheamh	teacht
Níor mhaith	leis	an doras a dhúnadh	fanacht
Dúirt sé/sí gur mhaith	léi	an leabhar sin a cheannach	suí
Dúirt sé/sí nár mhaith	linn	an t-airgead a thabhairt	éirí
Cad ba mhaith	libh	an carr a pháirceáil	tosú
Arbh fearr	leo	na nótaí a léamh	breathnú
Ba fearr (B'fhearr)	le héinne	na fuinneoga a oscailt	siúl
Níorbh fearr	le Seán	iad sin a bhailiú	dul
Cad a b'fhearr	le Máire	an páiste a dhúiseacht	tiomáint
Cé acu a b'fhearr	leis an mbean	an páipéar a choinneáil	seasamh
Ar mhiste	le gach duine	an ceoltóir a mholadh	rith



Treoir

This Unit concentrates on composing sentences using the verbs Bíonn and Bheadh. The questioning mode: An maith?, An fearr, Cad? and Cé acu? are taught. These are all linked to 'in ann' and indirect speech in the imperative.

San Aonad seo, cuirtear béim ar abairtí a chumadh leis na briathra Bíonn agus Bheadh. Múintear na ceisteanna – An maith, An fearr, Cad agus Cé acu? Nasctar iad seo ar fad le 'in ann' agus le caint indíreach ar an mhodh ordaitheach m.sh. a dhéanamh, a dhúnadh, a oscailt srl.

M.sh. An mbíonn tú in ann a bheith ag an rang go minic?
Dúirt sé nach mbeadh sé in ann an fhuinneog a oscailt.

Cé atá ag dul go Baile Átha Cliath?

Bhí cúigear fear ag seinm ceoil in ostán i Leitir Ceanainn nuair a bhí Fleadh Ceoil na hÉireann ar siúl. Tar éis cúpla lá dúirt siad gur mhaith leo dul abhaile mar go raibh tuirse orthu. “Ar mhaith libh béile?” a dúirt fear an ostáin. “Ba mhaith linn” arsa Séamus. Dúirt Seosamh go raibh a bhean chéile, Bríd, ag fanacht leis sa tacsáí agus go raibh sé ag imeacht. “B’fhéarr liomsa fanacht tamall eile” arsa an fear a raibh an bodhrán aige. Ní raibh Tomás ag éisteacht le héinne mar bhí sé ag seinm feadóg mhór. “Tá cúig tacsáí ag fanacht lasmuigh” arsa fear an ostáin. “Tá an cúigiú tacsáí ag dul go Gaillimh”. Dúirt Máire nár mhaith léi féin dul go Gaillimh mar go raibh sí ina cónaí i Luimneach. “Tá mise ag dul sa cheathrú tacsáí” arsa an fear a bhí ag seinm an fheadóg stáin. Dúirt Séamus go raibh sé ag dul sa dara tacsáí. “Cá ndeachaigh mo bhean, Beití?” arsa an fear leis a raibh bodhrán aige. Dúirt Ó Méalóid go raibh sé ag dul go Luimneach. Chuaigh Ó Míocháin isteach sa tacsáí a bhí díreach roimh an tacsáí a raibh fear céile Bhróna ann. “Tá mise ag dul sa chéad tacsáí” arsa Ó Máille. “Tá mise i mo chónaí i gCorcaigh” a dúirt Ó Mongáin. Bhí fear an bhosca ceoil ag dul go hÁth Luain agus chuaigh sé isteach sa tríú tacsáí roimh an tacsáí a raibh Seán ann. Tá an fear a raibh an fheadóg stáin aige sa tacsáí díreach i ndiaidh an tacsáí ina raibh Ó Míocháin ann. “Tá mise agus mo bhean, Bairbre, ag dul sa tríú tacsáí” arsa fear eile. Chuaigh Ó Mongáin isteach sa tacsáí a bhí díreach roimh an tacsáí a raibh Ó Meachair ann. “Ar mhiste leat port eile a sheinm ar an bhfidil?” arsa Colm. “Níor mhiste go deimhin” arsa an fear a raibh an fidil aige.

Ón eolas atá tugtha sa sliocht thuas cuir na fir, na mná céile, agus na h-uirlisí ceoil sna tacsaithe cearta atá ag dul go dtí na h-ionaid éagsúla.

Tacsáí	1	2	3	4	5
Ainm					
Sloinne					
Uirlis Cheoil					
Bean Chéile					
Áit Chónaithe					

**Tábla 1**

Bíonn mé	<i>I am (hab)</i>
An mbíonn tú?	<i>are you? (hab)</i>
Ní bhíonn sé	<i>he doesn't (hab)</i>
Cá mbíonn tú?	<i>where are you? (hab)</i>
Cé a bhíonn?	<i>who is? (hab)</i>
An mbeadh tú?	<i>would you be?</i>
Bheadh sé	<i>he/it would be</i>
Ní bheadh sí	<i>she wouldn't be</i>
Cá mbeadh sé?	<i>where would he /it be?</i>
Sula mbeadh sé	<i>before he/ it would be</i>
Dá mbeadh sé	<i>if he/it was</i>
Mura mbeadh sé	<i>if he/it wasn't</i>
Cé a bheadh?	<i>who would be?</i>
Cad a bheadh?	<i>what would be?</i>
An maith leat?	<i>do you like?</i>
Is maith liom	<i>I like</i>
Ní maith leis	<i>he doesn't like</i>
Ar mhaith leat?	<i>would you like?</i>
Ba mhaith liom	<i>I would like</i>
Níor mhaith léi	<i>she wouldn't like</i>
Cad ba mhaith leat?	<i>what would you like?</i>
Cibé rud is maith leat	<i>whatever you like</i>
An fearr leat?	<i>do you prefer?</i>
Is fearr liom	<i>I prefer</i>
Ní fearr leis	<i>he doesn't prefer</i>
Arbh fearr leat?	<i>would you prefer?</i>

B'fhearr liom	<i>I would prefer</i>
Níorbh fearr léi	<i>she wouldn't prefer</i>
Cé acu a b'fhearr leat?	<i>which would you prefer?</i>
Ar mhiste leat?	<i>would you mind?</i>
Níor mhiste liom	<i>I wouldn't mind</i>
Tá mé in ann	<i>I am able</i>
An bhfuil tú in ann?	<i>are you able?</i>
Níl sé in ann	<i>he is not able</i>
Bhí sé in ann	<i>he was able</i>
Ní raibh sé in ann	<i>he wasn't able</i>
An raibh sé in ann?	<i>was he able?</i>
Beidh sé in ann	<i>he will be able</i>
Ní bheidh sé in ann	<i>he won't be able</i>
An mbeidh sé in ann?	<i>will he be able?</i>
A fheiscint	<i>to see</i>
A bheith	<i>to be</i>
A thosú	<i>to start</i>
Ainm	<i>name</i>

Tábla 2

Cúigear	<i>five people</i>
Ostán	<i>hotel</i>
Ar siúl	<i>going on</i>
Tar éis	<i>after</i>
Béile	<i>a meal</i>
Bean chéile	<i>wife</i>
Fear céile	<i>husband</i>
Ag fanacht	<i>waiting</i>
Ionaid éagsúla	<i>various locations</i>
Ag éisteacht	<i>listening</i>
Le h-éinne	<i>to anybody</i>
Ag seinm	<i>playing music</i>
Lasmuigh	<i>outside</i>



Foclóir

Foclóir

Foclóir

Foclóir

Cúigiú	<i>fifth</i>
I gcónaí	<i>always</i>
De ghnáth	<i>usually</i>
Sa cheathrú	<i>in the fourth</i>
Cá ndeachaigh sí?	<i>where did she go?</i>
Díreach roimh	<i>directly in front</i>
Díreach i ndiaidh	<i>directly behind</i>
Tríú tacsáí	<i>third taxi</i>
Go deimhin	<i>indeed</i>
Ar meisce	<i>drunk</i>
Sa chairt	<i>in the chart</i>
Le tabhairt	<i>to be given</i>
Tiománaithe	<i>drivers</i>
Cruinn	<i>accurate</i>
A bhailiú	<i>to collect</i>
A dhúiseacht	<i>to awaken</i>

A choinneáil	<i>to keep</i>
A mholadh	<i>to praise</i>
A dheisiú	<i>to repair</i>
Brath air	<i>to depend on him</i>
Íoc as	<i>to pay for</i>
Éalú as	<i>to escape from</i>
Bualadh leis/léi	<i>to meet him/her</i>
Breith air	<i>to catch him/it</i>
Glaoch air	<i>to call him</i>
A chreidiúint	<i>to believe</i>
A fhiosrú	<i>to inquire</i>
Tiomáint	<i>to drive</i>
Breathnú	<i>to look</i>
Fanacht	<i>to wait</i>
Sloinne	<i>surname</i>



Ag an Rang

Tábla 1

Inniu déanfaidh muid ríl.

Rinne muid port inné.

Éistigí liomsa ar dtús.

Sin é an gnáthluas.

Anois seinnfidh mé go mall é.

Tabhair amach na nótaí, a Mháire.

Bainfidh muid triail as le chéile.

Tógfaidh muid é píosa ar pháosa.

Bhí sé sin go maith. Tosóidh muid arís.

Déanaigí cleachtadh ar sin anocht.

Seinnfidh muid an chéad pháosa dhá uair.

An bhfuil ceist ag éinne faoin méid sin?

An bhfuil nóta breise sa chéad líne?

Maith an fear. Míneoidh mé é sin daoibh ar ball.

Leanfaidh muid ar aghaidh go mall ar dtús.

Anois déanfaidh muid an dara páosa.

Cuirfidh muid an dá pháosa le chéile anois.

Tá sibh go han-mhaith ar fad.

Cén t-ainm atá ar an ríl sin?

“Ríl na Fuisioige” a tugtar sa leabhar air.

Tá ainm eile ag na seandaoine air.

An seinntear go minic é ag na seisiúin?

Seinntear go deimhin. Tá sé sa leabhar Seisiún 1.

Ar aghaidh linn anois níos tapúla.

Ní raibh sé sin ró-mhaith. Coinnígí le chéile.

Bhí sé sin i bhfad níos fearr.

Bain triail as leat féin anois, a Phádraig.

Anois tú féin agus Tomás le chéile.

An féidir linn é sin a sheinm arís?

Is féidir cinnte, chomh minic agus is mian libh.

Anois seinnfidh muid an port a d’fhoghlaim sibh inné.

Ní dhearna sibh dóthain cleachtadh ó shin.

Fan nóiméad, beidh mé leat ar ball.

Má dhéanann sibh cleachtadh beidh sibh go maith.

Coinnígí an nóta sin beagán níos faide.



Treoir

In this Unit, the common verbs are taught in the Imperative, singular and plural. This unit also places Irish in the context of Comhaltas, young people socialising in Comhaltas and in the context of music matters.

San Aonad seo, múinteoir na briathra coitianta sa mhodh ordaitheach, uathu agus iolra. Tá tús curtha san Aonad seo leis an Ghaeilge a chur i gcomhthéacs imeachtaí an Chomhaltais, le sóisialú na ndaoine óga sa gComhaltas agus le cúrsaí cheoil.

Tá sé sin beagán ró-thapaidh.
 Níos moille le bhur dtoil.
 An mbeidh muid ag glacadh páirt sa chomórtas?
 Braitheann sé sin oraibh féin go h-iomlán.
 Má dhéanann sibh go leor, leor cleachtadh.
 Má oibríonn sibh go crua idir seo agus sin.
 B'fhéidir go bhfaighidh muid an chéad áit.
 Níl an rithim ceart agat.
 Éist leis seo go cúramach.
 Bhí an iarracht sin níos fearr.
 Ceapaim go bhfuil tú ag dul i bhfeabhas.
 Tóg d'am – fan le d'am.
 Ar chuala sibh an port seo cheana?
 Tá an port seo níos feiliúnaí don bhosca.
 Cuir béim níos mó ar an nóta tosaigh.

Tábla 2

(a)

<i>Singular</i>	<i>Plural</i>
abair	abraí
athruigh	athruígí
bailigh	bailígí
bain	bainígí
brostaigh	brostaígí
bris	brisígí
buail	buailígí
bí	bígí
ná bac	ná bacaígí
cabhraigh	cabhraígí
ceannaigh	ceannaígí
ceartaigh	ceartaígí
cruinnigh	cruinnígí
críochnaigh	críochnaígí
cuir	cuirígí
coinnigh	coinnígí
déan	déanaígí

(b)

<i>Singular</i>	<i>Plural</i>
dún	dúnaígí
éirigh	éirígí
éist	éistígí
fan	fanaígí
fág	fágaígí
fáigh	fáigí
féach	féachaígí
fiafraigh	fiafraígí
foghlaim	foghlaimígí
glan	glanaígí
glac	glacaígí
iarr	iarraígí
imigh	imígí
inis	insígí
isligh	isligí
léigh	léigí
lean	leanaígí

Aonad 4

(c)

<i>Singular</i>	<i>Plural</i>
líon	líonaigí
labhair	labhraigí
mínigh	mínígí
múin	múinígí
réitigh	réitígí
roghnaigh	roghnaigí
roinn	roinnígí
suigh	suígí
scríobh	scríobhaigí
scrúdaigh	scrúdaigí
seas	seasaigí
stop	stopaigí
tar	taraigí
téigh	téigí
tóg	tógaigí
tosaigh	tosaigí



Ag an Seisiún

Tábla 1 Grúpa Ceoil

- A** An bhfuil an fhidil leat?
B Níl. Cheap mé nach mbeadh aon seisiún anseo anocht.
A Beidh. Tá grúpa ceoltóirí ó Chraobh X istigh.
B An bhfuair said cuireadh?
A Fuair. Bhuaigh siad an comórtas do ghrúpaí ceoil faoi ocht mbliana déag.
B Ní foláir nó tá siad go maith.
A Tá siad ar fheabhas.

Tábla 2 Bosca Nua

- A** Cheannaigh mé bosca nua an lá cheana.
B Cad a thárla don cheann a bhí agat?
A Ba le m'athair é. Thug mé ar ais dó é.
B An bosca nua é?
A Ní hea. Fuair mé ó mo chara é.
B Cé mhéad a thug tú air?
A Thug mé trí chéad go leith Euro air.
B Bhí sé sách daor.

Tábla 3 An Fáth

- A** Cá ndeachaigh tú aréir?
- B** Chuaigh mé abhaile go luath.
- A** Cén fáth?
- B** Ní raibh aon uirlis cheoil agam.
- A** Nach bhféadfá suí síos agus éisteacht?
- B** B'fhéarr liom a bheith ag seinm.
- A** An mbeidh tú ag seinm anocht?
- B** Beidh. Tá an bosca ceoil agam.

Tábla 4 Ceoltóir Maith

- A** Ní fhaca mé an cailín sin anseo cheana.
- B** Chonaic mise í cúpla seachtain ó shin.
- A** Is ceoltóir an-mhaith í.
- B** Is ea. Tá sí an-óg.
- A** Is dócha go bhfuil sí ag freastal ar rang.
- B** Ceapaim go bhfuil.
- A** Tá stíl deas aici.

Tábla 5 Coiste

- A** Bhí mé ag cruinniú Coiste aréir.
- B** Ní raibh fhios agam go raibh tú ar an gCoiste. Cé a bhí ann?
- A** Bhí an Cathaoirleach, An Rúnaí, an Cisteoir agus cúpla ball eile.
- B** An bhfuil aon rud nua ag tárlú?
- A** Tá. Beidh ranganna rince ar an sean-nós ar siúl an chéad téarma eile.
- B** Ó, go maith. An mbeidh siad ar siúl gach seachtain?
- A** Ní bheidh. Beidh siad ar siúl uair sa choicís ar dtús. Má bhíonn éileamh mór orthu cuirfidh muid ar siúl iad gach seachtain.

Aonad 4

Tábla 6 Sláinte

P Dia dhuit, a Mháire.

M Dia is Muire dhuit, a Phádraig.

P Conas atá tú?

M Tá mé go maith, go raibh maith agat.

Conas atá tú féin?

P Níl mé ró-mhaith.

M Ó, cad atá ort?

P Tá tinneas cinn orm.

M Ar mhaith leat deoch uisce?

P Níor mhaith. Ba mhaith liom cupán tae le do thoil.

Tábla 7 Am

A Cén t-am anois é?

B Tá sé leathuair tar éis a deich.

A Tá sé in am dul abhaile.

B Tá sé luath go leor fós.

A Tá m'athair ag fanacht liom sa charr.

B An dtabharfaidh sibh síob abhaile dom?

A Tabharfaidh cinnte. Níl sa charr ach an bheirt againn.

B Tá orm éirí go moch ar maidin amárach.

Tábla 8 Amhrán

A Cas amhrán, a Phádraig.

P Cén ceann?

A Ceann ar bith is maith leat féin.

P Casfaidh mé ceann ar ball ag an seisiún.

A Cén t-am a mbeidh an seisiún ag tosú?

P Go luath. Tá cúpla ceoltóir istigh cheana féin.

A Thug mé féin an fhidil liom anocht.

P An raibh tú ag an rang?

A Bhí. D'fhoghlaim muid trí phort.



Foclóir

Foclóir

Foclóir

Foclóir

Tábla 1

Fan nóiméad	<i>wait a minute</i>
Beidh mé leat	<i>I will be with you</i>
Beagán níos faide	<i>a little longer</i>
Cuir béim air	<i>put emphasis on</i>
Beagán ró-thapaidh	<i>a little too fast</i>
Níos moille	<i>slower</i>
Ag glacadh	<i>taking part</i>
Braitheann sé	<i>it depends</i>
Go cúramach	<i>carefully</i>
An iarracht sin	<i>that effort</i>
Ag dul i bhfeabhas	<i>getting better</i>
Tóg d'am	<i>take your time</i>
Cruinniú coiste	<i>committee meeting</i>
Éileamh orthu	<i>demand for them</i>
Aon uirlis cheoil	<i>any musical instrument</i>
Nach bhféadfá	<i>could you not?</i>
Éirí go moch	<i>get up early</i>
Ceann ar bith	<i>any one</i>
Sách daor	<i>dear enough</i>
Ar fheabhas	<i>excellent</i>
Ní foláir nó tá sí	<i>she must be</i>
Ba liom é	<i>it was mine</i>
Ba le m'athair é	<i>it was my father's</i>
Déanfaidh muid	<i>we will do</i>
Tabhair amach	<i>give out</i>
Seinnfidh mé	<i>I will play</i>
Bainfidh muid triail as	<i>we will try it</i>
Tógfaidh muid	<i>we will take</i>
Tosóidh muid	<i>we will start</i>
Déanaigí cleachtadh	<i>practise</i>

Faoin méid sin	<i>about that much</i>
Nóta breise	<i>extra note</i>
Míneoidh mé	<i>I will explain</i>
Maith an fear	<i>good man</i>
Leanfaidh muid	<i>we will continue</i>
ar aghaidh	
Go mall ar dtús	<i>slowly at first</i>
An dara píosa	<i>the second piece</i>
Cuirfidh muid	<i>we will put</i>
A tugtar air	<i>it is called</i>
An seinntear é	<i>is it played</i>
Go deimhin	<i>indeed</i>
Ag na seisiúin	<i>at the sessions</i>
Níos tapúla	<i>faster</i>
Ar aghaidh linn	<i>off we go</i>
Coinnígí le chéile	<i>keep together</i>
I bhfad níos fearr	<i>much better</i>
Leat féin	<i>by yourself</i>
Le chéile	<i>together</i>
An féidir linn	<i>can we</i>
Is féidir libh cinnte	<i>indeed you can</i>

Tábla 2

Abair	<i>say</i>
Athraigh	<i>change</i>
Bailigh	<i>collect</i>
Bain triail	<i>try</i>
Brostaigh	<i>hurry</i>
Bris	<i>break</i>
Buail	<i>hit/strike/beat</i>
Bí	<i>be</i>
Ná bac	<i>don't mind</i>
Cabhraigh	<i>help</i>
Ceannaigh	<i>buy</i>



Foclóir

Foclóir

Foclóir

Foclóir

Ceartaigh	<i>correct</i>	Ísligh	<i>lower</i>
Cruinnigh	<i>gather</i>	Lean	<i>follow</i>
Críochnaigh	<i>finish</i>	Líon	<i>fill</i>
Cuir	<i>put</i>	Labhair	<i>speak</i>
Coinnigh	<i>keep</i>	Leag	<i>knock down</i>
Déan	<i>do</i>	Mínigh	<i>explain</i>
Dún	<i>shut</i>	Múin	<i>teach</i>
Éirigh	<i>get up</i>	Réitigh	<i>settle</i>
Éist	<i>listen</i>	Roghnaigh	<i>choose</i>
Fan	<i>wait</i>	Roinn	<i>share/divide</i>
Fág	<i>leave</i>	Suigh	<i>sit down</i>
Faigh	<i>get</i>	Scríobh	<i>write</i>
Féach	<i>look</i>	Scrúdaigh	<i>examine</i>
Fiafraigh	<i>ask/inquire</i>	Seas	<i>stand up</i>
Foghlaim	<i>learn</i>	Stop	<i>stop</i>
Glan	<i>clean</i>	Tar	<i>come</i>
Glac	<i>accept</i>	Téigh	<i>go away</i>
Iarr	<i>ask</i>	Tóg	<i>take</i>
Imigh	<i>go</i>	Tosaigh	<i>begin/start</i>
Inis	<i>tell</i>		





Treoir

In this Unit, there are more phrases and useful vocabulary as used in ordinary chat in any setting.

San Aonad seo tá tuilleadh den fhoclóir agus nathanna atá riachtanach don ghnáthchaint in aon suíomh.

Tábla 1 Brú Oibre

- A** Chuaigh sibh abhaile go luath aréir.
- B** D'imigh muid nuair a bhí an rince thart.
- A** D'fhan muide ag caint ar feadh tamaill.
- B** Bhí orainn dul ag obair go luath ar maidin.
- A** Feicfidh muid tráthnóna sibh tar éis na hoibre.
- B** B'fhéidir go mbeadh orainn breis ama a dhéanamh.

Tábla 2 An Dochtúir

- A** Cén fáth a ndeachaigh tú chuig an dochtúir?
- B** Ní raibh mé ag aireachtáil go maith le tamall
- A** Cad a dúirt sé leat a dhéanamh?
- B** Dúirt sé liom éirí as ól agus toitíní.
- A** An é sin an méid a dúirt sé?
- B** Ní hé. Caithfidh mé cúpla míle a shiúl gach lá.

Tábla 3 Carr Nua

- A** An bhfuil deifir ort?
- B** Níl – cén fáth?
- A** Ba mhaith liom labhairt leat.
- B** Ceart go leor, ar aghaidh leat.
- A** Tá mé ag ceannacht carr nua.
- B** Cén déanamh – Toyota, an ea?
- A** Is ea – conas a raibh fhios agat?
- B** Deirtear gurb iad is fearr.

Aonad 5

Tábla 4 Cúrsaí Grá

- A** Chonaic mé Seán aréir.
- B** Cé a bhí in éineacht leis?
- A** Síle. An bhfuil éad ort?
- B** Éad ormsa! Níl muis. Cén fáth a mbeadh?
- A** Cheap mé go raibh an bheirt agaibh fós mór le chéile.
- B** Mise agus Seán! Sin seanscéal anois!
- A** Ó! An mar sin é?

Tábla 5 An Aimsir

- A** Lá breá.
- B** Is ea muis.
- A** Mairfidh an aimsir
- B** B'fhéidir.
- A** Cúpla lá eile.
- B** Tá súil a'm. (agam)

Tábla 6 Fleadh Cheoil

- A** An bhfaca tú ariamh a leithéid de shlua?
- B** Tá daoine anseo ó gach tír sa domhan.
- A** Tá an lá caite agam ag tóraíocht lóistín.
- B** Tá áit sa teach ina bhfuilimse.
- A** Go breá. An bhfuil tú istigh ar aon chomórtas?
- B** Beidh mé istigh ar chomórtas bosca ceoil sinsear amárach.
- A** Tá súil agam go n-éireoidh leat.

Tábla 7 Cúrsaí Oideachais

- A** Cad a dhéanfaidh tú nuair a fhágfaidh tú an scoil?
- B** Rachaidh mé go dtí an ollscoil má fhaghaim dóthain pointí.
- A** Cén cúrsa a roghnaigh tú?
- B** Ba mhaith liom a bheith im dhochtúir.
- A** Teastóidh a lán pointí uait i gcomhair an chúrsa sin.
- B** Tuairim is cúig chéad agus seasca pointe ar a laghad.

Tábla 8 Robáil

- A** Ar chuala tú gur briseadh isteach tigh Sheáin aréir?
B Níor chuala. Ar tógadh aon rud?
A Níl a fhios agam ach gortaíodh Seán féin go dona.
B Ar rugadh ar na robálaithe?
A Cuireadh fios ar na Gardaí ach d'éalaigh na robálaithe.
B Nach dtarlaíonn sé sin i gcónaí? Béarfar orthu fós.

Tábla 9 Cad atá á rá aige

- A** An bhfuil a fhios agat céard é féin?
B Níl fhios, inis dom.
A Tá rudaí imithe i dtigh an diabhair.
B In ainm Dé – cad atá i gceist agat?
A An bhfaca tú an clár sin aréir?
B Cén clár? Ní fhaca mé tada.
A Dá bhfeicfeá, b'shin é do dhóthain.

Tábla 10 An cluiche

- A** An bhfuil tú as do mheabhair?
B Nílím – cuirfidh mé geall leat go mbuafaidh siad.
A Tá mise ag rá leatsa nach mbuafaidh.
B Léigh mé sna nuachtán an lá cheana go raibh siad go maith.
A Ná creid gach rud a léann tú sna nuachtáin.
B Bhuel creid é nó ná creid, beidh an bua acu.
A Níor bhuaigh foireann ón gContae sin tada ariamh.

Tábla 11 Cé a thóg é?

- A** An bhfaca éinne mo chóta?
B Cár fhág tú é nuair a tháinig tú isteach?
A Chroch mé é ar chúl an dorais.
B Má chroch, níl sé ann anois.
A Dá mbeadh sé ann d'fheicfinn é.
B Má d'fhág tú ann é cé a thógfadh é?
A Bhuel níor shiúil sé amach ar a chonlán féin.

Tábla 12 Praghasanna

- A** Cheannaigh mise ceann acu sin ar chúig euro.
B Is fadó an lá ó fuair tú é sin ar chúig euro.
A Ní bhfaighfeá inniu ar sin é.
B Tá an diabhal uilig ar phraghsanna faoi láthair.
A Abair é seo liom – cé mhéad a thug tú air?
B Thug mé an iomarca air.



Foclóir

Foclóir

Foclóir

Tábla 1

Céard atá i gceist agat?	<i>What do you mean?</i>
Ní fhaca mé tada	<i>I didn't see anything</i>
Dá bhfeicfeá é	<i>If you could see him</i>
B'shin é do dhóthain	<i>That would have been enough for you</i>
Tá mise ag rá leatsa	<i>I am telling you</i>
Ná creid gach rud a léann tú	<i>Don't believe everything you read</i>
Ní dhearna sé tada ariamh	<i>He never did anything</i>
Cúl an dorais	<i>Back of the door</i>
Cé a thógfadh é?	<i>Who would take it?</i>
Ar a chonlán féin	<i>On his own initiative</i>
Creid é nó ná creid	<i>Believe it or not</i>
Is fadó an lá	<i>It's a long time</i>
Ní bhfaighfeá inniú é	<i>You wouldn't get it today</i>
Thug mé an iomarca air	<i>I paid (gave) too much for it</i>
Tá súil agam go n-éireoidh leat	<i>I hope that you will succeed</i>
Deirtear gurb iad	<i>It is said that they are</i>
Deirtear gurbh iad	<i>It is said that they were</i>
An bhfaca tú ariamh a leithéid?	<i>Did you ever see the likes?</i>
An bhfuil tú istigh ar chomórtas?	<i>Are you competing?</i>
Cén cúrsa a roghnaigh tú?	<i>What course did you choose?</i>
B'fhéidir go mbeadh orainn	<i>We might have to</i>
Briseadh isteach sa teach	<i>The house was broken into</i>
Gortaíodh é sa timpiste	<i>He was hurt in the accident</i>
Tógadh é go dtí an ospidéal	<i>He was taken to hospital</i>
Maraíodh triúr sa timpiste	<i>Three were killed in the accident</i>
Scaoileadh amach ar bhannaí é	<i>He was let out on bail</i>

Cuireadh siar faoi choinneáil é	<i>He was put back in custody</i>
Briseadh é as a phost	<i>He was sacked</i>
Cuireadh an dlí air	<i>He was prosecuted</i>
Rinneadh iarracht é a shábháil	<i>An effort was made to save him</i>
Tugadh é ós comhair na cúirte	<i>He was taken before the court</i>
Rinneadh go leor dochair	<i>A lot of damage was done</i>
Fritheadh an t-airgead	<i>The money was found</i>
Ligeadh saor é	<i>He was released</i>
D'éalaih na robálaithe	<i>The robbers escaped</i>
Béarfair orthu fós	<i>They will be caught yet</i>
Tá an tír imithe i dtigh diabhair	<i>The country is gone to hell</i>

Tábla 2

Breis ama	<i>overtime</i>
Brú oibre	<i>pressure of work</i>
D'fheicfinn é	<i>I would see it</i>
Ar a laghad	<i>at least</i>
Ag aireachtáil	<i>feeling</i>
As do mheabhair	<i>out of your mind</i>
Mairfidh sé	<i>it (he) will live</i>
Bhí orainn	<i>we had to</i>
In éineacht leis	<i>in his company</i>
Éirí as	<i>give up</i>
Mór le chéile	<i>on friendly terms</i>
Lámh liom	<i>close to me</i>
Ag tóraíocht	<i>searching</i>
Cén déanamh?	<i>what make?</i>
An mar sin é?	<i>is that it?</i>
Taobh liom	<i>beside me</i>
Inis dom	<i>tell me</i>
An bhfuil éad ort?	<i>are you jealous?</i>
Dóthain pointí	<i>enough points</i>
Chodail sé	<i>he slept</i>

Cupán Tae

Fear mór dathúil ab ea Seán. Bhuail mé leis an chéad uair ariamh ar mo bhealach abhaile ón scoil. Lá breá gréine a bhí ann i dtús an tSamhraidh agus ní raibh deifir ar bith orm. Bhí Seán ina sheasamh ar leathaobh an bhóthair ag breathnú uaidh. Thosaíomar ag caint faoin aimsir agus rudáí mar sin. D'fhiafraigh sé díom cén fath a raibh mé ag siúl agus an rothar agam. Dúirt mé leis go raibh an rothar briste. Dúirt sé nach raibh rud ar bith le déanamh aige féin agus go ndeiseodh sé dom í. Dheisigh sé an rothar. Ghlac mé buíochas leis. D'fhág mé slán aige agus d'imigh liom abhaile.

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin casadh orm arís é. Bhí sé ina sheasamh ag geata an tséipéil ag caint leis an sagart. Chuaigh mé isteach sa séipéal. Nuair a tháinig mé amach bhí an sagart imithe ach bhí Seán fós ann. Thosaigh muid ag caint arís faoi rudáí fánacha. D'fhiafraigh sé díom cad a bhí mé ag déanamh ar scoil agus d'inis mé dó go raibh mé ag déanamh na hArd Teistiméarachta i mbliana. Dúirt sé go ndearna sé féin an tArd Teistiméaracht cúpla bliain ó shin agus gur éirigh go maith leis. Dúirt sé go raibh síúl aige go n'éireodh go maith liomsa freisin.

Cúpla lá ina dhiaidh sin chonaic mé é arís. Bhí sé ina sheasamh ag geata a thigh. Thosaigh muid ag caint arís. D'iarr sé orm teacht isteach i gcomhair cupán tae. Dúirt mé leis go raibh deifir orm mar go mbeadh inní ar mo mháthair dá mbeinn déanach. Ní fhaca mé arís é go ceann cúpla seachtain. Bhí mé féin agus Máire Rua ag caint le chéile ag geata na scoile. Chonacamar Seán ag dul síos an bóthar i ngluaistean deas nua. Níor bhreathnaigh sé inár dtreo. Baineadh geit asam. "An bhfuil aithne agat air sin?" arsa Máire. "Tá aithne bheag" arsa mise. "Tá sé ina chónaí suas an bóthar lena athair agus a mháthair." "An ndúirt sé é sin leat?" arsa sise. "Níor dhúirt" arsa mise. "Tá sé ina chónaí leis féin" arsa sise. "Fuair a athair agus a mháthair bás cúpla bliain ó shin." "Ó" arsa mise, "cheapas go raibh a athair agus a mháthair sa teach leis." "Níl" arsa sise, "is innealtóir é leis an ESB". "Ó" arsa mise arís. "Ar iarr sé ariamh ort teacht isteach sa teach i gcomhair cupán tae?" "D'iarr" arsa mise. "Agus an ndeachaigh tú?" arsa sise. "Ní dheachaigh" arsa mise, "mar bhí deifir orm abhaile." "Bhí an t-ádh ort" arsa sise. "D'iarr sé mise isteach lá amháin". "Agus an ndeachaigh tú?" arsa mise. "Chuaigh," arsa sise "ach ní rachainn go deo arís". "Cén fáth?" arsa mise. "Rinne sé iarracht mé a phógadh" arsa sise, "ach rith mé amach agus rith mé abhaile".

Tá sé roinnt blianta ó shoin ó tharla an cómhra sin idir mé féin agus Máire Rua ag geata na scoile. Rinne mé an Ard Teistiméaracht agus d'éirigh go maith liom. Tá Seán pósta anois agus tá gasúir aige. Tá mise fós ag dul thart ar mo rothar. An raibh an t-ádh orm an lá úd ar dhiúltaigh mé an cupán tae? Níl a fhios agam.

Nóta ón údar: Tá na múnlaí gramadaí sa phíosa seo deacair ach tá siad tábhachtach.

Aonad 6



Treoir

In this Unit there are more useful sentences in mini-drama format as well as some common phrases.

San Aonad seo tá tuilleadh abairtí úsáideacha agus nathanna cainte coitiantaí bhfoirm drámaí beaga.

Timpist

- Pádraig:** Cad faoi a raibh sibh ag caint?
Cáit: Ní raibh muid ag caint fútsa ar chuma ar bith.
Pádraig: Ó, tá mé buartha.
Cáit: Cén chaoi a bhfuil Seán? Chuala mé go raibh droch-thimpist aige.
Pádraig: Níl sé ró-dhona. Tá sé san ospidéal fós.
Cáit: Ar bhris sé aon rud?
Pádraig: Níor bhris. Gortaíodh a chloigeann.
Cáit: An bhfuil sé gortaithe go dona?
Pádraig: Níl sé. Tiocfaidh sé as.

Briste

- Máirtín:** Tá sé seo briste. An bhfuil tú in ann é a dheisiú?
Séamus: B'fhéidir go mbeinn.
Máirtín: Níl a fhios agam cad atá mícheart leis.
Séamus: An bhfuil sé casta air?
Máirtín: Ní amadán mé. Bhain mé triail as gach rud.
Séamus: Seo, fág fúmsa é.
Máirtín: Déan do dhícheall, maith an fear.
Séamus: Seo anois é – tá gach rud ag obair arís.

Cóisir

- Máire:** An bhfanfaidh tú tamall?
Seán: Fanfaidh mé go gcríochnóidh tú an piosa sin. Tá deifir orm.
Máire: Cá bhfuileamar ag dul anocht?
Seán: Síos an bóthar go dtí teach Thomáis.
Máire: An bhfuil cóisir ar siúl ann?
Seán: B'fhéidir go mbeadh.
Máire: Níl tú cinnte?
Seán: Níl. Brostaigh ort, beidh siad ag fanacht orainn.

Práinneach

Bríd:	Cad atá uait?
Síle:	Ba mhaith liom Seán a fheiceáil.
Bríd:	Tá sé sa leaba ina chodladh.
Síle:	Ná dúisigh é. Tiocfaidh mé ar ais tráthnóna.
Bríd:	An ndéarfadh mé leis go raibh tú anseo?
Síle:	Más maith leat. Is cuma dáiríre.
Bríd:	Níl sé práinneach mar sin?
Síle:	Níl. Fanfaidh sé.

Cuir uimhir na habairte ar chlé os comhair an aistriúcháin ceart ar dheis

1	Who were you talking to?	Ní fhaca mé ag teacht é.
2	What did he want?	Bhí sí ag fanacht liom.
3	I didn't see anything.	Cá bhfuil siad anois?
4	It is so nice here.	Ar thaithin sé leat?
5	I am telling you this.	Cén fáth a bhfuil sí ag gol?
6	Where is she?	Cá bhfeicfidh mé tú?
7	What did you buy in the shop?	Ní maith liom é.
8	I wasn't listening to you.	Cé leis a raibh tú ag caint?
9	I was expecting you last night.	Taitneoidh sé leat.
10	Did you see them yesterday?	Cathain a bhí tú ag caint léi?
11	Where was she sitting?	An ndeachaigh tú chun é a fheiscint?
12	I saw him at the school.	Tá mé á rá seo leat.
13	Where will I see you?	Cá bhfuil sí ina cónaí?
14	She was waiting for me.	Cad a bhí uaidh?
15	Did you like him?	Ní raibh mé ag éisteacht leat.
16	When were you talking to her?	Tá sé chomh deas anseo.
17	Why is she crying?	Cad a cheannaigh tú sa siopa?
18	You will like it.	Ní fhaca mé rud ar bith.
19	Where is she living?	Fan liom.
20	Did you go to see him?	Cá bhfuil sí?
21	I don't like him.	Céarbh é sin?
22	Where are they now?	An bhfaca tú iad inné?
23	Wait for me.	Chonaic mé é ag an scoil.
24	I didn't see it coming.	Bhí mé ag súil leat aréir.
25	Who was that?	Fan go n-inseoidh mé duit.
26	Did you eat your breakfast?	Cá raibh sí ina suí?
27	I won't be long.	Cá as ar tháinig tusa?
28	Wait until I tell you.	Fan ansin.
29	Stay there.	Cad ba mhaith leat a dhéanamh anois?
30	Where did you come from?	Bhí an lá chomh te.
31	What would you like to do now?	Ar ith tú do bhriceasta?
32	The day was so hot.	Ní bheidh mé i bhfad.

Nodanna don Mhúinteoir

Simon Ó Cróinín, Ráth Chairn

Táim ag baint úsáid as an Scéim ‘Focal ar Fhocal’ le cúig nó sé de bhlianta anois ag ranganna Gaeilge do dhaoine fásta i Ráth Chairn agus i mBaile Átha Buí. Scéim anchruthaitheach is ea í agus thairis buntáiste ar bith eile, taitníonn sé go mór leis na foghlaimeoirí. Tá an scéim bunaithe ar ghnáth chaint na ndaoine agus tugann sé deis don ghlan tosaitheoir fiú, abairtí a chumadh ón tús.

Tá **Focal ar Fhocal 1** deartha chun daoine a chur ag caint. Is iad na briathra ná na ‘action words’ is deacra in aon teanga. Tá Focal ar Fhocal 1 bunaithe ar an gcóras “Tá / Bhí / Beidh” agus “ag”. Seo bealach éasca agus tapaidh chun an teanga a fhoghlaim seachas tabhairt faoi réimniú deacair na mbriathra ag an tús. Tá sé seo fíor-thábhachtach i gcás na Gaeilge mar gur minic go mbíonn an briathar ar an gcéad fhocal san abairt. Seo mar a labhraíonn formhór de mhuintir na Gaeltachta i Ráth Chairn agus i gConamara. In ainneoin go bhfuil siad in ann tabhairt faoi gach réimniú nuair is mian leo nó nuair is gá, is minice go mór a úsáidtear – Tá, Bhí, Beidh, Bíonn, Bhíodh agus Bheadh. Mar shampla:

‘Beidh mé ag dul abhaile,’ seachas, ‘Rachaidh mé abhaile.’

‘Bhí mé ag ithe i mbialann aréir,’ seachas, ‘D’ith mé i mbialann aréir.’

Tá an scéim Focal ar Fhocal thar a bheith go maith:

- d’fhoghlaimeoirí a rugadh agus a tógadh thar lear agus nár fhoghlaim Gaeilge ar bith ar scoil.
- d’fhoghlaimeoirí ar theip ghlan orthu an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil mar nár éirigh leo na rudaí is bunúsaí a fhoghlaim ag an tús.
- do dhaoine a raibh Gaeilge maith go leor acu ag an scoil ach a cheapann anois go bhfuil sí dearmadta acu.
- do dhaoine nach raibh aon suim acu sa teanga nuair a bhí siad ar scoil.

Nótaí agus Nodanna

Maidir le múineadh na nglan tosaitheoirí de:

- Bíonn roinnt ábhar breise ag teastáil seachas Focal ar Fhocal amháin. Mar shampla: Ráitis choitianta, – Le do thoil, Go raibh maith agat, Slán go fóill srl.
- Ní mór na focail a mhúineadh ar an gcluas amháin i dtosach sula bhfeicfear scríofa iad. Tá sé seo fíor-thábhachtach mar go gcuireann córas scríofa na Gaeilge as go mór do ghlan thosaitheoirí.
- Bíonn roinnt mhaith ainmfhocal breise ag teastáil chun na habairtí a dhéanamh níos faide agus níos suimiúla. Múinim 40 ainmfhocal dóibh atá an-cosúil nó mar a chéile i mBéarla agus i nGaeilge: – carr, doras, tae, oráiste, cistin, halla, siúcra, fón, cáca, cóta, briosca srl. ‘Quick hits’ is ea iad seo agus tá siad an-áisiúil chun abairtí nua a chumadh.

- Ba chóir Tá, Níl / Bhí, Ní raibh agus Beidh, Ní bheidh a mhúineadh ar fad le chéile. Tugann sé an-mhuinín don fhoghlaimeoir a bheith in ann plé leis na trí aimsir ón tús.
- Múintear mé, tú, sé, sí srl., ort, air, uirthi srl., agus liom, leat, léi srl. in Uimh. 1.
- Is fearr na ceisteanna: An bhfuil? An raibh? An mbeidh? a dhéanamh mar cheacht ann féin.
- The 'ag' words – Conas é seo a mhíniú go simplí.
'In Irish the little word 'ag' has the same meaning as '____ing' in English.
(Ná h-úsáid focail theicniúla na gramadaí le foghlaimeoir riamh.)
Going – ag dul / Eating – ag ithe / Reading – ag léamh / Drinking – ag ól srl.

Anois, is féidir leis na foghlaimeoirí go leor, leor abairtí a chumadh ag baint úsáide as 'ag.' 'Tá siad ag caint anois agat.' Leis na focail bhreise seo tá siad in ann abairtí mar seo a leanas a thuiscint, a léamh agus a chumadh:

Tá Máire ag ól tae agus bainne anois. Tá sí ag ithe prátaí, im agus bagún.
Níl ocras ar Sheán. Tá slaghdán air. An bhfuil slaghdán ar Mháire anocht?
Beidh Máire agus Seán ag dul amach anocht. Cá mbeidh siad ag dul?
Beidh siad ag dul go dtí an Uaimh.

Beidh breis focail ag teastáil i gcónaí ó na foghlaimeoirí anois. Múin dóibh iad de réir mar a theastaíonn siad. Tabhair liosta 40 ainmfhocal agus aidiachtaí coitianta eile dóibh, an uair seo cinn nach bhfuil mórán cosúlachta acu leis an Bhéarla.

Deirim leis an rang go gcaithfear gach rud a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Insím dóibh nach leo focal ar bith nó go mbainfidh siad úsáid as 17 uair ar a laghad!

Tá sé tábhachtach a mhíniú do thosaitheoirí nach bhfuil focail againn le haghaidh 'Yes' agus 'No'.

Seo mar a mhúinim é: *Always give back the verb* –

An bhfuil tú go maith? – Tá. An mbeidh tú ag obair amárach? Beidh

Ag an bpointe seo is iondúil go mbíonn roinnt mhaith aidiachtaí á lorg acu féin agus múinim liosta de 20 dóibh. Is fearr focail chontrártha a mhúineadh le chéile i gcónaí: – Bán, dubh, deas, gránna, mór, beag, ard, íseal, lag, láidir – ceann ar bith a theastaíonn ach an ceann contrártha a mhúineadh leis.

Ceisteanna: – Cá bhfuil? Cá raibh? Cá mbeidh? – Tarraingíonn sé seo tuilleadh abairtí agus freagraí ó na foghlaimeoirí. Is iondúil go lorgaíonn siad roinnt ceisteanna eile iad féin ag an bpointe seo – Cén fáth? mar shampla:

Nodanna don Mhúinteoir

Múintear ‘Ceapaim go’ ___ agus ‘B’fhéidir go’ ___ díreach cosúil leis an gcuid eile. Is fearr i gcónaí an coincheap contrártha a mhúineadh díreach ag an am céanna. ‘Ceapaim nach’ ___ ‘B’fhéidir nach’ ___

Agam

Ba chóir áit ar leith a thabhairt don fhocal ‘agam,’ go luath sa scéim. *‘Irish does not have a verb ‘to have’ as there is in English. We use Tá, Bhí, Beidh, combined with ‘agam.’*

An bhfuil teach mór agat? Níl, tá teach beag agam. Tá teach mór ag Máire.

An bhfuil post agat? Tá. Tá post agam i mBaile Átha Buí.

Cén uair a mbeidh siad réidh chun dul ar aghaidh go dtí Focal ar Fhocal Uimh. 2, 3, 4?

Ná bí ag ceapadh nuair atá an méid seo ar fad déanta gur féidir leat iad a threorú ar aghaidh anois go dtí Focal ar Fhocal 2. Mínigh dóibh:-

Recognising is not the same as knowing?

Knowing is when you can recall and use a phrase spontaneously.

Ciallaíonn sé sin go gcaithfear go leor, leor abairtí a chumadh anois, ó bhéal don chuid is mó ach níl dochar ar bith iad a scríobh síos freisin ina n-am féin.

Obair ghrúpa

Bí cúramach nach bhfuil tusa, an múinteoir, ag déanamh an iomarca den chaint. Bris an grúpa suas ina mbeirteanna agus lig dóibh na habairtí a chumadh eatarthu. Bíodh an múinteoir ag éisteacht agus ag cur comhairle orthu nuair a theastaíonn.

Maidir le Focal ar Fhocal 2 agus 3

Nuair atá go leor cleachtadh faighte acu ar Uimhir 1, is furasta ansin tabhairt faoi Uimhir 2. Tá an scéim seo bunaithe go h-iomlán ar mhinicíocht úsáide. Is iondúil gurb iad na briathra neamhrialta is minice a úsáidtear i go leor teangacha. Tá sé sin fíor i gcás na Gaeilge chomh maith. Tosaítear in Uimhir 2 le: **Thug, Chonaic, Chuaigh agus Fuair**. Ní iarrtar riamh ar an bhfoghlaimoir gach gné den bhriathar a fhoghlaim ach múintear dóibh na codanna den bhriathar is minice a úsáidtear.

In Uimh. 3 tosaítear ag mhúineadh ‘Bíonn,’ chomh maith le ‘fearr, is fearr, ní fearr, an fearr, b’fhearr?’ srl. Tá ‘Bíonn’ an-tábhachtach don chaint. Tá sé deacair feidhmiú gan an focal seo. Is féidir é a mhúineadh níos luaithe sa Scéim más mian. Mínim ‘Bíonn’ mar *‘the do be, does be tense,’ ‘Did your mother give out to you for*

saying 'do be' and 'does be'? Well she's wrong and you're right. It's a tense in Irish – the everyday tense.

Arís, ná húsáid caint theicniúil na gramadaí riamh leis an scéim seo. Má úsáideann, beidh leath den rang ar iarraidh an tseachtain dár gcionn ort!

Focal ar Fhocal 3, agus 4: Breis Foclaíochta agus Téarmaíochta

Tá gliceas iontach ag baint leo seo freisin mar gurb iad seo na téarmaí agus focail nach féidir leis an bhfoghlaiméir déanamh dhá uireasa – is iad is minicí a úsáidtear. Mar shampla: anois díreach, le fada, an lá cheana, i gcónaí, srl. gach ceann acu riachtanach.

Bainigí triall as 'Focal ar Fhocal' agus is gearr go mbeidh sibh ag caint!

Dá mbeadh an scéim seo i mbéal an phobail agus á mhúineadh go forleathan don phobal, bheadh gaisce dochreidte déanta ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann ar son na teanga ach an oiread agus atá déanta acu ar son an cheoil le trí ghlúin anuas. Creidim go bhféadfadh an scéim seo, Focal ar Fhocal, a bheith chomh tábhachtach, chomh h-úsáideach agus chomh ceannródaíoch céanna leis na 'Simple Lessons' a chum Ó Gramhnaigh ag deireadh an naoú chéad déag agus 'Buntús Cainte' a tháinig amach breis is dhá scór bliain ó shin.

Modh Múinte

- Éisteacht:** Ní mór don fhoghlamóir an teanga a chloisteáil go minic, istigh sa rang agus/nó lasmuigh.
- Aithint:** Tar éis tamall aithneoidh an foghlamóir na fuaimeanna agus an rithim agus tosóidh sé/sí ag tuiscint míniú na bhfuaimeanna.
- Aithris:** Ansin tosóidh sé/sí ag déanamh aithris ar na fuaimeanna go díreach mar a chloiseann sé/sí iad.
- Athrá:** Tar éis tamall beidh sé/sí in ann abairtí simplí a rá ó chuimhne.
- Eagsulú:** An chéad chéim eile beidh sé/sí in ann focail dá c(h)uid féin a chur isteach sna habairtí.
- Roghnú:** Ansin beidh sé/sí in ann abairtí a chumadh ón múnla a h-úsáideadh.

Fuaimeanna na Gaeilge

An consan

Tá dhá shaghas consan sa Ghaeilge, consan leathan agus consan caol. Níl morán teangacha eile san Eoraip a bhfuil dhá fhuaim difriúil ag an gconsan céanna. Tá an consan leathan má tá guta leathan (A, O, U) roimhe agus/nó ina dhiaidh. Tá consan caol má tá guta caol (E, I) roimhe agus/nó ina dhiaidh.

Bog, bán, buí: Tá an consan “b” leathan

Bí, bean: Tá an consan “b” caol

Consan leathan	Fuaim cosúil leis sa Bhéarla
b – buí, bán, bó	bu but
p – páirc, pota	pu put
d – dona, dána, dúnta, doras	du
t – tart, tá, tuirse	tu thaw
g – gasúr, gaoth, go	gu gum
k – Cáit, caoi, conas	ku cut
w – <u>b</u> hfuil, a <u>M</u> háire	won, war
f – fós, faoi, a <u>Ph</u> ádraig	fun
s – sásta, subh, sa	suck
gh/dh – an <u>gh</u> aoth, dhá, dhó, dhuit	gaw
ch – chaith, chuaigh, chuir, chónnú	Scottish English lo <u>ch</u>
m – Máire, mo, maith	much
n – na, naoi	<i>The sound “n” and “l” are tenser than in English</i>
l – lá, lón	<i>raise the centre of tongue towards the soft palate</i>
ng – <u>ng</u> asúr, <u>ng</u> aoth, <u>l</u> ong	sung
r – rún, rud	cro <u>ck</u> , ro <u>ck</u>

Consan caol	Fuaim cosúil leis sa Bhéarla
b – béal, bith, bí	beauty
p – peil, péire	pet
d – dí, Dia, dinnéar	duty
t – tír, duit, titim	tune
g – geata, geit, geal	get
c = k – ceo, cead, ceol	cure
bh = v – bhí, bhris, bheannaigh	view
f – fearg, fear, féar	few
s – síos, seas, Seán	sure, sheep
gh = y – gheit, an ghealach, gheall	you, yet

ch – chinn, cheannaigh, a cheol	H <u>u</u> gh
m – mé, mil	music, missed
n – níl, neamhní, inis	new, minion
n – bain, Máirín	nick, never
l – léigh, coill, cáill	million
l – milis, liom, leat	lisp
r – Bríd, obair, abair	crisp, critic

Consan ar lár

Fágtar an consan "N" ar lár in abairtí cosúil le:

Ag an doras	ag a' doras	Leis an maide	leis a' maide
Ar an mbord	ag a' mbord		

Guta ar lár

Fágtar guta ar lár i bhfocail mar:

Duine eile	duin' eile	Balla ard	ball' ard
------------	------------	-----------	-----------

An guta cúnta

Cuirtear guta cúnta tar éis "N", "L" agus "R":

Ainm	ain(i)m	Orm	or(u)m
Airgead	air(i)gead	Bolg	bol(u)g
Leanbh	lean(u)bh		

Fuaimeanna na Gaeilge (Gutaí)

Short and long vowel sounds	In English (approx)	Combined vowel sounds (Diphthongs)	
/a/as, amach, cat	mat, fat, ban	/ua/slúa, luas, fuar	/u/followed by/a/
/á/má, cá, tá	saw, war, thaw	/ia/siar, bia, Dia	/i/followed by/a/
/o/go, mo, do	lot, pot, lot	/ei/beidh, ceird, creid	/e/followed by/i/
/ó/mór, ól, bó	go, rose, store	/éi/béile, féile, gréine	/é/followed by/i/
/u/ubh, rud, cur	cut, bun, pull	/ai/maith, caith, sraith	/a/followed by/i/
/ú/tú, cú, amú	rude, mood, cool	/ea/geal, sea, leath	/e/followed by/a/
/e/te, le, de	pen, tent, hell	/éa/béal, éan, éad	/é/followed by/a/
/é/mé, gé, cé	day, gay, say	/ao/maor, saol, caoch	/a/followed by/o/
/i/ith, mil, di	bit, big, kick	/io/síol, cíor, aníos	/i/followed by o
/i/sí, mí, bí	she, me, be		

Nóta ón Údar: Diphthongs are not used much in English, but they are used in Italian: *quanto, mia, viaggio, radio, vorrei*



Focal buíochais

Pádraig Ó Maoilchiaráin, Maura Kennedy (iníon Phádraig)

CCÉ Chraobh Chualann: Alfie Redmond, Seán Gaughan, Fergus Ó Casaide agus Máire Nic Fhinn

An Crannchur Náisiúnta – Cló 2005



Ár mbuíochas do na daoine seo a leanas as ucht an chabhair a thug siad leis an dara eagrán seo d'Fhocal ar Fhocal a chur i gcló: Bairbre Uí Theighneáin, Simon Ó Cróinín agus Alan Ó hEadhra

Dearadh: Graftrónaic

Clódóirí: Naas Printing

Comhaltas AR AN Idirlión

Comhaltas on the Internet

Imeachtaí *Events*

Eolas faoi Chomhaltas *About Us*

Cartlann an Chomhaltais *Comhaltas Archive*

Preas *Press*

Regional Centres *Ionaid Réigiúnacha*

Macalla an hÉireann *Concert tours*

Gaeilge *Béarla*

Craobhacha *Branches*

Scoil Éigse

Oideachas

Education

Bígi ag Féachaint!

Bígi ag Éisteacht!

SEISIÚN

COMHALTASLIVE

Fleadh
Cheoil

Foinn Seisiún



BLOG

Fáilte
Ireland

Plean
Gníomha
don
Ghaeilge

BUNREACHT

10081 578-0-9008425-T-3



9 780655 642579 >



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



COMHALTAS

Comhaltas Ceoltóirí Éireann

32 Cearnóg Belgrave, Baile na Manach, Co. Átha Cliath

Tel (01) 280 0295 | eolas@comhaltas.ie | www.comhaltas.ie